Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022
(OR. en)**

**12261/22**

**ENV 854
ENT 123
COMPET 691
IND 338
SAN 505
CONSOM 213
MI 650
CHIMIE 80
DELACT 164**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 6122 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 8.9.2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha, a mhéid a bhaineann le heicseaclóraibeinséin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 6122 final.

Faoi iamh: C(2022) 6122 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2022
C(2022) 6122 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha, a mhéid a bhaineann le heicseaclóraibeinséin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1021 (‘Rialachán POPanna’), bunaítear mar chuspóir an Rialacháin sin sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (‘POPanna’) trí shubstaintí a thoirmeasc, a chéimniú amach a luaithe is féidir, nó srian a chur lena monarú, lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid, is é sin substaintí atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm maidir le POPanna.

Liostaítear heicseaclóraibeinséin (HCB) in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán POPanna gan teorainnluach le haghaidh Rian-Éilleán Neamhbheartaithe (UTC). Den chuid is mó, úsáideadh HCB mar lotnaidicíd san Aontas. Tráth an liostaithe sa Rialachán POPanna in 2004, measadh nach raibh gá le teorainnluach toisc nach measfar go n-aimseofaí HCB i substaintí, meascáin ná in earraí. Rinneadh fiosrúchán le déanaí leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a bhain le teorainnluach maidir le HCB a bheith ann mar eisíontas i substaintí. Tuigtear freisin go gcruthaítear HCB mar sheachtháirge le linn ceimiceáin (tuaslagóirí clóirínithe den chuid is mó) agus lotnaidicídí eile a mhonarú, agus i sruthanna dramhaíola gléasraí clór-alcaileacha agus próiseas leasaithe adhmaid. Thairis sin, tuigtear, ó shainchomhaid chlárúcháin REACH, go mbaineann príomhúsáid substaintí ina bhfuil HCB mar chomhábhar nó mar eisíontas le húsáid i ndúigh, bratuithe, péinteanna agus tónóirí, úsáid i bhfeidhmeanna adhmaid, úsáid i bhfeidhmeanna teicstíle agus i bplaistigh.

Tá éiginnteacht dhlíthiúil ann toisc nach bhfuil teorainnluach UTC sonraithe ann ós rud é nach eol do na geallsealbhóirí an bhfuil teorainnluach infheidhme ann nó nach bhfuil ná cén luach atá air. Easpa teorainnluach comhchuibhithe, dhéanfaí sin a léirmhíniú amhail agus dá mbeadh feidhm ag an teorainn braite, rud a d’fhéadfaí a mheas mar shrian díréireach ós rud é go gcuirfeadh sé cosc ar aon substaint, meascán nó earra ina bhfuil HCB a chur ar an margadh. Leagtar amach in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le POPanna nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar shubstaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, bídís leo féin, i meascáin nó ina n-earraí, i gcás substainte atá ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe, mar a shonraítear sna hiontrálacha ábhartha d’Iarscríbhinn I. Dá bhrí sin, ba cheart sonrú a dhéanamh in Iarscríbhinn I maidir le HCB a bheith ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe (UTC) i substaintí, meascáin nó earraí.

I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, meastar go bhfuil sé iomchuí teorainnluach a shocrú i gcás HCB mar UTC a bheith ann i substaintí, i meascáin nó in earraí. Shoiléireodh UTC den sórt sin an staid dhlíthiúil agus d’éascódh sé forfheidhmiú comhchuibhithe ar fud an Aontais.

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ba cheart an teorainnluach sin a shocrú ag 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) i gcás HCB mar UTC a bheith i substaintí, i meascáin agus in earraí.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le grúpa saineolaithe POPanna maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe in dhá chruinniú (‘cruinniú POP-CA’) an 8 Meitheamh 2021 agus an 23 Samhain 2021 agus cuireadh na barúlacha san áireamh. Tá an grúpa comhdhéanta de na geallsealbhóirí

ábhartha uile - ionadaithe ó na Ballstáit, ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), ó thionscal na gceimiceán agus ón tsochaí shibhialta.

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe ón 8 Samhain 2021 go dtí an 6 Nollaig 2021. Fuarthas trí bharúil ó gheallsealbhóirí. Bhí na barúlacha an-éagsúil, i.e. d'iarr dhá gheallsealbhóir teorainnluach UTC níos airde, agus d'iarr geallsealbhóir amháin teorainnluach UTC níos ísle. Agus an fhaisnéis uile atá ar fáil á cur san áireamh, lena n-áirítear an fhaisnéis a fuarthas trí na comhairliúcháin éagsúla, agus tar éis tuilleadh plé a dhéanamh le grúpa saineolaithe POPanna an 2 Meitheamh 2022, chinn an Coimisiún go leanfaí ar aghaidh leis an teorainnluach a moladh ar dtús.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear an iontráil maidir le heicseaclóraibeinséin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Is é Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 atá ina bhunús dlí leis an ngníomh tarmligthe atá beartaithe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha, a mhéid a bhaineann le heicseaclóraibeinséin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha[2] agus faoin bPrótacal maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin[3].

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021, tá toirmeasc, faoi réir Airteagal 4 den Rialachán sin, ar shubstaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, bídís leo féin, i meascáin nó ina n-earraí.

(3) Liostaítear heicseaclóraibeinséin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 gan teorainnluach le haghaidh Rian-Éilleán Neamhbheartaithe.

(4) Le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun iontrálacha atá in Iarscríbhinn I cheana a mhodhnú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(5) Chinn an Coimisiún go bhfuil heicseaclóraibeinséin ann mar eisíontas i roinnt substaintí, meascán agus earraí, lena n-áirítear lotnaidicídí, tuaslagóirí clóirínithe, dúigh, bratuithe, péinteanna agus tónóirí, feidhmeanna adhmaid, feidhmeanna teicstíle agus plaistigh.

(6) Chun an staid dhlíthiúil a shoiléiriú agus chun forfheidhmiú a éascú a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí, meascán nó earraí ina bhfuil heicseaclóraibeinséin mar rian-éilleán neamhbheartaithe, ba cheart teorainn UTC 10 mg/kg (0 001 % de réir meáchain) a shocrú le haghaidh heicseaclóraibeinséine.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

---

[1] IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
[2] IO L 209, 31.7.2006, lch. 3.
[3] IO L 81, 19.3.2004, lch. 37.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.9.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*